**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin, an 6 Deireadh Fómhair 2022 ag 11:00**

**Ionad: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,**

**4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr. Marie Bourke (4-14)<br>An tOll. Maeve Conrick<br>John Grenham (4-14)<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris<br>An Dr. Conor Kostick (córas físchomhdhála)<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh<br>An tOll. Kalpana Shankar (4-14) (córas físchomhdhála)<br>Caitriona Sharkey (córas físchomhdhála)<br>Jennifer Taaffe (1-7.3) (córas físchomhdhála) |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>Katherine McSharry, Stiúrthóir Gníomhach (1-13.4)<br>Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-13.4)<br>Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (7)<br>Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (8.2-8.4)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO (8.5-10.3) |
| **Soláthraí Seirbhíse** | **I láthair:**<br>An Dr. Jonathan Westrup, Comhpháirtí, Board Excellence (6) |
| Tabhair do d'aire: Is éard atá i gceist le (míreanna 1-13.4) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird eile i láthair ó thús deireadh an chruinnithe. | |

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach, níor fhógair duine ar bith den Bhord aon choinbhleacht leasa.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Níor fhógair an Bord aon choinbhleacht leasa.**

Tabhair do d’aire: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird, ach amháin má luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad. Tugadh cuir i láthair ag an gcruinniú le haghaidh Mhír 6 (chomh maith le páipéar Boird) agus Mhíreanna 7.1-7.3. Cuireadh na cuir i láthair ar aghaidh chuig an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

## 2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 4 Lúnasa 2022 agus a bhfoilsiú

**D’fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 4 Lúnasa 2022 agus foilsiú na miontuairiscí faofa, agus téacs folaithe iontu de réir mar ab iomchuí.**

## 3. Nithe ag éirí astu

Thug an Stiúrthóir gníomhach breac-chuntas ar an tábla gníomhaíochta ‘Nithe ag éirí astu’.

Thug an Bord dá n-aire gur ceapadh Philip O'Regan, Ollamh Cuntasaíochta agus iarDhéan Scoil Ghnó Kemmy in Ollscoil Luimnigh, ina bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC). Mhol Cathaoirleach an Bhoird an ceapachán, thacaigh Cathaoirleach an ARC leis, agus cheadaigh an Bord é an 5 Meán Fómhair 2022.

Chuir Cathaoirleach an ARC in iúl don Bhord gur aithin sé an tOllamh O’Regan mar iarrthóir don phost folamh ar an gCoiste i bhfianaise a ghairm sa chuntasaíocht airgeadais agus a chuid eolais ar LNÉ de bharr an PhD atá aige sa stair. Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go raibh sé buíoch de Chathaoirleach an ARC as a chuid cúnaimh san ábhar seo.

**Thug an Bord dá n-aire an tábla gníomhaíochta 'Nithe ag éirí astu' agus ceapadh an Ollaimh Philip O'Regan ina bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 5 Meán Fómhair 2022.**

## 4. Tuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar a tuairisc i scríbhinn chuig an mBord. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir Gníomhach an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Cúrsaí Airgeadais: Iarradh maoiniú breise le costais fuinnimh LNÉ a sheasamh, costais atá ag ardú i gcomhréir leis an mboilsciú. Tá an Coiste Gnó agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag labhairt ar an ábhar seo.
- Cúrsaí AD agus earcaíochta: Leagadh amach na bearta teagmhasacha atá i bhfeidhm go dtí go gceapfar Ceannasaí Acmhainní Daonna. Go ginearálta, bíonn feachtais earcaíochta níos dúshlánaí anois i bhfianaise dhálaí an mhargaidh.
- Láithreán gréasáin: Tá forbairt an láithreáin gréasáin nua ag leanúint ar aghaidh agus meastar go mbeidh sé réidh lena sheoladh ag tús mhí na Nollag 2022. Tabharfar cuireadh don Bhord páirt a ghlacadh i dtástáil an láithreáin gréasáin nua.
- Saothair a fuarthas: Roghnaíodh mír ó liosta míosúil na saothar a fuarthas le haghaidh na mBailiúchán Speisialta le go bhféadfadh an Bord breathnú uirthi tar éis an chruinnithe: leanfar leis an gcleachtas seo ag gach cruinniú eile den Bhord, nuair is cuí.

Phléigh an Bord na nithe a d'ardaigh an Stiúrthóir Gníomhach sa tuairisc i scríbhinn agus ó bhéal a thug sí dóibh, lena n-áirítear leithdháileadh agus costais phinsin agus chnapshuime; agus an ghéarchéim fuinnimh ó thaobh na gcostas a bheadh ar LNÉ a sheasamh, maoiniú ón Roinn agus an róil a bheadh ag Comhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta dul i gcomhar leis an Roinn freisin leis an maoiniú breise sin a lorg.

D'fhreagair an Stiúrthóir Gníomhach ceisteanna ón mBord faoin bhfeachtas earcaíochta a reáchtáladh cheana le haghaidh an Cheannasaí Acmhainní Daonna; na saothair a cuireadh san áireamh i mBailiúchán Katherine Zappone agus Ann Louise

Gilligan; agus iarrachtaí atá ag leanúint ar aghaidh i dtreo leasú ar an reachtaíocht leis an taisce dhlíthiúil a leathnú chuig an réimse an ghréasáin in Éirinn.

**Thug an Bord tuairisc i scríbhinn agus ó bhéal an Stiúrthóra Ghníomhaigh dá n-aire.**

## 5. Coistí an Bhoird

### 5.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Chomh maith lena thuairisc i scríbhinn don Bhord maidir leis an gcruinniú ARC dar dáta an 21 Meán Fómhair 2022, thug Cathaoirleach an ARC tuairisc ó bhéal don Bhord ar na hábhair seo a leanas:

- Ballraíocht an choiste: Tháinig athrú ar bhallraíocht an ARC nuair a tháinig deireadh le téarma Teresa Harrington agus nuair a ceapadh an tOllamh Philip O'Regan (mar a tuairiscíodh thuas faoi 'Nithe ag éirí astu').

- Tuairisc iniúchta inmheánaigh ar an athbhreithniú ar bhailiúcháin agus saothair a fuarthas: Sástacht an ARC le freagra an Choiste Gnó ar a iarraidh le haghaidh tuilleadh eolais faoi thorthaí na tuairisce.

- Plean Iniúchta Inmheánaigh 2022: Tar éis dul i gcomhairle leis an ARC, leis an gCoiste Gnó agus leis na hiniúchóirí inmheánacha, deimhnítear gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar AD in 2022 (tuairisc dlite in 2023) i bhfianaise srianta foirne laistigh den aonad AD. Mhol an ARC do na hiniúchóirí inmheánacha machnamh a dhéanamh, agus an t-iniúchadh AD á dhéanamh, ar phleanáil chomhleanúnach, bainistíocht, tallann agus coinneáil, go háirithe i bpoist shinsearacha.

Ar iarratas ó Chathaoirleach an ARC, d'aontaigh Cathaoirleach an Bhoird dul i gcomhairle leis agus leis an Stiúrthóir Gníomhach ar mholadh an ARC go ndéanfaí agallamh scoir le bainisteoirí sinsearacha nuair a éiríonn siad as.

**Thug an Bord dá n-aire an tuairisc i scríbhinn agus ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste ar Chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 21 Meán Fómhair 2022.**

**Thug an Bord dá n-aire freisin miontuairiscí faofa an chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 20 Iúil 2022.**

## 5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas

Chuir Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas (CHG) in iúl don Bhord nach raibh aon chruinniú sceidealta ag an gCoiste ó chruinniú deiridh an Bhoird, ach go raibh sé beartaithe go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl an 23 Samhain 2022.

D'admhaigh Cathaoirleach an CHG go bhfuair sé léargas ar an CHG mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe sheachtraigh, agus smaoinigh sé cibé acu ar cheart nó nár cheart fochoiste a bhunú faoin CHG in 2022, ag tarraingt ar scileanna agus ar thaithí bhaill an Choiste sa ghinealas, le meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí ginealais LNÉ ag féachaint le tuairisc ar an ábhar sin a chur faoi bhráid an Bhoird in 2023.

**Thug an Bord dá n-aire an tuairisc ó bhéal a thug Chthaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar ábhair a bhain leis an gCoiste.**

## 5.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí

Thug Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Léitheoirí (RAC) tuairisc ó bhéal don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 20 Meán Fómhair 2022 mar seo a leanas:

- Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach cur i láthair maidir lena rannóg. Bhí plé mionsonraithe ag an RAC leis an gCeannasaí Bailiúchán Digiteach ar réimse ábhar a bhain le bailiúcháin dhigiteacha, bainistíocht slándála agus riosca ina measc.
- D'aontaigh an RAC a mheas ar bhealach níos mionsonraithe an bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do dhá thionscadal ar leith i gcaitheamh a théarma: (i)

aonad ilfheidhmeach soghluaiste LNÉ; agus (ii) inneall cuardaigh comhtháite uile-Éireann do leabharlanna. Thug Cathaoirleach an RAC cuntas mionsonraithe ar smaointe tosaigh an RAC ar na tionscadail sin agus phléigh an Bord an t-ábhar.

Thug Cathaoirleach an RAC breac-chuntas freisin ar a smaointe le dul i ngleic le héagsúlacht agus cuimsiú i measc bhaill an Choiste.

**Thug an Bord dá n-aire an tuairisc ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Léitheoirí ar an gCoiste Comhairleach Léitheoirí ar an 20 Meán Fómhair 2022. Thug an Bord dá n-aire freisin miontuairiscí faofa an chruinnithe den Choiste Comhairleach Léitheoirí an 26 Aibreán 2022.**

## 6. Measúnú Seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird

Chuir an Dr. Jonathan Westrup, comhpháirtí in Board Excellence, breac-chuntas ar dhréacht-tuarascáil Board Excellence ar an measúnú a rinne siad ar éifeachtacht an Bhoird agus Choistí an Bhoird.

Phléigh an Bord an dréacht-tuarascáil leis an Dr. Westrup agus leis an Stiúrthóir Gníomhach. D’admhaigh an Bord go raibh léargas faighte acu mar thoradh ar an measúnú neamhspleách éifeachtachta.

**Thug an Bord dá n-aire dréacht-tuarascáil Board Excellence ar an measúnú a rinne siad ar éifeachtacht an Bhoird agus Choistí an Bhoird.**

## 7. Cur i láthair: Tuairisc chun dáta ar an Tionscadal Forbartha Caipitil

### 7.1 Tuairisc réamhphleanála chun dáta;

### 7.2 Cás eatramhach gnó

### 7.3 Tuairisc chun dáta ar chúrsaí rialachais agus oibriúcháin

Thug Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát, tuairisc chun dáta ar an Tionscadal Forbartha Caipitil. D'fhreagair an Ceannasaí Eastát agus an Stiúrthóir Gníomhach ceisteanna ón mBord faoi na spásanna taispeántais; an fhoráil don chás eatramhach gnó mar chuid de na córais reatha rialachais agus oibriúcháin; agus chuir in iúl nach bhfuil aon tréimhse ama leagtha síos sna córais rialachais agus oibriúcháin trína bhféadtar ceadú an Aire a dheonú.

**Thug an Bord dá n-aire an tuairisc chun dáta ar aighneacht réamhphleanála, plean eatramhach gnó agus córas rialachais agus oibriúcháin an Tionscadail Forbartha Caipitil.**

### 7.4 Togra maidir le gailearaí cuairteoirí sa phríomhsheomra léitheoireachta

Thug Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastáit, breac-chuntas ar an togra le haghaidh gailearaí cuairteoirí sa phríomhsheomra léitheoireachta. D'fhreagair sé ceisteanna ón mBord freisin faoin mbunús a bhí leis an ngailearaí, chomh maith le ceisteanna faoi na toisí beartaithe, pointí rochtana, bearta rialaithe torainn agus aerchúrsaíocht.

**D'fhaomh an Bord an togra le haghaidh gailearaí gloinithe cuairteoirí a bheadh ar bhalcóin an phríomhsheomra léitheoireachta.**

**Thug an Bord dá n-aire go mbreathnódh an Cás Eatramhach Gnó anois (i bhfianaise an cheada a tugadh thuas), mar cheann de na roghanna atá le meas, ar cibé acu a chuirfí an gailearaí cuairteoirí san áireamh i bparaiméadair an Tionscadail Forbartha Caipitil nó nach gcuirfí.**

## 8. Cásanna gnó

### 8.1 Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú: Seirbhísí taispeántais sa Sciathán Thiar athfhorbartha, céim 1

Rinne an Stiúrthóir Gníomhach, thar ceann an Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, cur síos ar an gcás ábhartha gnó.

**Thug an Bord cead don Choiste Gnó: (i) Ceistneoir Réamhcháilíochta (PQQ) a eisiúint le haghaidh seirbhísí taispeántais (mar shampla, léirmhíniú, dearadh, treochomharthaíocht, treoshuíomh, feistiú, suiteáil agus cothabháil) sa Sciathán Thiar athfhorbartha;** [redacted] **agus (iii) roinnt soláthraithe oiriúnacha a chur ar an ngearrliosta le haghaidh an tionscadail sin.**

**Thug an Bord dá n-aire nach mbeadh aon ghealltanas ó thaobh airgid de i gceist leis an bpróiseas PQQ ná leis an ngearrliostú ina dhiaidh sin; nárbh ionann é agus gealltanas tairiscint a dhéanamh; ná nach mbeadh sé ina bhunús le conradh dlíthiúil, ceangailteach**.

## 8.2 Bailiúcháin Dhigiteacha: Seirbhísí cartlannaithe gréasáin

Thug Eoghan Ó Carragáin, an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach, breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó agus d'fhreagair ceisteanna ón mBord ar na hábhair seo a leanas: líon íseal tairiscintí; agus an cás dlí idir comhghuaillíocht mórfhoilsitheoirí leabhar agus The Internet Archive maidir lena chlár um iasachtú rialaithe leabhar digiteach.

**Thug an Bord dá n-aire an leasú ar an gcomórtas tairisceana mar a leagadh amach sa chás gnó é agus mar a d'athdhearbhaigh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach ó bhéal é.**

**Thug an Bord cead don Choiste Gnó leanúint ar aghaidh le conradh a dhéanamh le The Internet Archive, mar an forthairgeoir ar éirigh leis sa chomórtas oscailte OJEU (RFT: 2022/S 137-392208), le haghaidh seirbhísí cartlainne gréasáin do LNÉ go ceann tréimhse 4 bliana,** [redacted]

**Thug an Bord dá n-aire nach bhféadfaí níos mó ná sin a chaitheamh thar na 4 bliana, faoi réir leithdháiltí bliantúla buiséid arna gceadú ag an bhFoireann Ceannaireachta agus ag an mBord.**

**8.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Athsholáthar Wi-Fi**

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó. Ina theannta sin, chuir an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach an méid seo a leanas in iúl don Bhord:

- Tar éis an cás gnó a scaipeadh ar an mBord, chuir an forthairgeoir ar éirigh leis, Agile Networks Ltd, in iúl go raibh dáta seachadta 12 mhí i gceist leis an múnla is fearr le LNÉ agus [redacted], mar gheall ar fhadhbanna sa slabhra soláthair domhanda a bhfuil monaróir an táirge thíos leo. Bhí an múnla céanna ar an aon cheann a thairg an t-aon fhreagróir eile ar an nglao ar thairiscintí, ach thug Agile Networks Ltd roghanna éagsúla ina thairiscint.

- Molann an Rannóg Bailiúchán Digiteach go ndéanfadh LNÉ ordú le haghaidh múnla malartach le Agile Networks Ltd, a sheachadfaí in R1 2023 [redacted]

**Thug an Bord dá n-aire an fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil thuas.**

**Thug an Bord cead don Choiste Gnó trealamh a cheannach ó Agile Networks Ltd. (Iarraidh Fhorlíontach ar Thairiscintí: ITC013F-01-025), a mbeidh gá leis le nascadh le réiteach Wi-Fi Líonra an Rialtais, [redacted].**

**8.4 Bailiúcháin Speisialta, Fhoilisithe agus Dhigiteacha: An Creat um Sheirbhísí Bainistíochta Bailiúchán, 2022-2026**

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó agus d’fhreagair ceist ón mBord faoi Ghrúpa Stiúrtha Digitithe LNÉ.

**Thug an Bord cead don Choiste Gnó oibreoirí a cheapadh faoi 3 bheart den Chreat um Sheirbhísí Bainistíochta Bailiúchán, 2022-2026, mar seo a leanas:**

- **Eneclann Ltd, Mastermind Ireland Ltd agus Bibliographic Data Services Ltd (3 chuideachta) le ceapadh chun an Chreata faoi Bheart 1 — Cruthú Meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta, agus Feabhsú;**
- **Eneclann Ltd, Iron Mountain Ireland Ltd agus Kefron Ltd. (3 chuideachta) le ceapadh chun an Chreata faoi Bheart 2 — Próiseáil agus Caomhnú; agus**
- **Ceapfar Iron Mountain Ireland Ltd, Eneclann Ltd, Mastermind Ireland Ltd, agus Kefron Ltd (4 chuideachta) le ceapadh chun an Chreata faoi Bheart 3 — Digitiú.**

**Thug an Bord dá n-aire go mbeadh luach iomlán thart ar €1.25m-€1.5m ar an gCreat, CBL san áireamh, thar cheithre bliana idir 2022 agus 2026.**

**Thug an Bord dá n-aire chomh maith go mbeadh gach conradh a bhronnfaí faoin gCreat beartaithe faoi réir nósanna imeachta faofa LNÉ, ar bhonn conradh ar chonradh agus go mbronnfaí é trí mhionchomórtas le haghaidh gach conartha.**

D’fhreagair an Stiúrthóir Gníomhach ceisteanna ón mBord maidir le maoiniú an thionscadail ‘Band Aid Archive’ ó thaobh maoiniú speisialta deontais agus rannpháirtíocht le maoinitheoirí aitheanta daonchairdis.

### 8.5 Cúrsaí Airgeadais: Seirbhísí Oifigigh Cosanta Sonraí

Thug Kathleen Ruane, an Ceannasaí Airgeadais-CRO, breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó.

**Thug an Bord cead don Choiste Gnó glao ar thairiscintí a eisiúint le haghaidh Seirbhísí Oifigigh Iniúchóireachta Inmheánaí don Leabharlann Náisiúnta.**

## 9. Gnóthaí corparáideacha

### 9.1 Cúrsaí Airgeadais: Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Iúil 2022

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Iúil

2022 agus d’fhreagair ceist ón mBord maidir leis an gcaoi a léirítear ioncam ginealais sna cuntais.

**D’fhaomh an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Iúil 2022.**

### 9.2 Cúrsaí Airgeadais: LNÉ a chlárú mar charthanas

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. D'fhreagair an Stiúrthóir Gníomhach ceist ón mBord maidir le baint LNÉ le Cistí na hÉireann.

**Thug an Bord dá n-aire an tuairisc chun dáta maidir le clárú NLI mar charthanas leis an Údarás Rialála Carthanas faoin Acht Carthanas, 2009.**

## 10. Beartais

### 10.1 Cúrsaí Airgeadais: Beartas agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin maidir le Sócmhainní Seasta

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D’fhaomh an Bord an Dréacht-Bheartas agus na Dréacht-Nósanna Imeachta Oibriúcháin maidir le Sócmhainní Seasta (tag. cháipéise: NLI-PRV4-09).**

### 10.2 Cúrsaí Airgeadais: Ráiteas Príobháideachais an Láithreáin Gréasáin

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D’fhaomh an Bord an dréacht-Ráiteas Príobháideachais nuashonraithe le haghaidh an láithreáin gréasáin.**

**D’aontaigh an Bord gur cheart go gcuirfí ar an eolas iad (ní gá faomhadh a lorg) faoi leasuithe suntasacha a dhéanann an Coiste Gnó ar an Ráiteas faofa i gcomhréir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí LNÉ.**

**Thug an Bord dá n-aire go bhfoilseofaí an Ráiteas faofa ar láithreán gréasáin LNÉ agus go gcuirfí in ionad an Ráitis Príobháideachais atá foilsithe faoi láthair é.**

### 10.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Beartas Fianán an Láithreáin Gréasáin

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D'fhaomh an Bord an dréacht-Beartas Fianán nuashonraithe le haghaidh an láithreáin gréasáin.**

**D'aontaigh an Bord gur cheart go gcuirfí ar an eolas iad (ní gá faomhadh a lorg) faoi leasuithe suntasacha a dhéanann an Coiste Gnó ar an mBeartas faofa i gcomhréir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí LNÉ.**

**Thug an Bord dá n-aire go bhfoilseofaí an Beartas faofa ar láithreán gréasáin LNÉ.**

## 11. Pleanáil éigeandála

### 11.1 Plean Éigeandála

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird agus d'fhreagair ceist ón mBord maidir le cé chomh réidh is atá LNÉ le cás láithreach éigeandála a bhainistiú. Chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl gur chóir an comhartha uisce 'dréacht' a bhaint den Phlean Éigeandála a scaipeadh ar an mBord toisc go raibh an Plean nuashonraithe faofa ag an bhFoireann Ceannaireachta an 23 Meán Fómhair 2022.

**Thug an Bord an Plean Éigeandála dá n-aire.**

### 11.2 An Nós Imeachta Cumarsáide Géarchéime

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**Thug an Bord an Nós Imeachta Cumarsáide Géarchéime dá n-aire. Mhol an Bord go n-ainmneofaí sa Nós Imeachta na páirtithe leasmhara reachtúla a ndéanfaidh LNÉ cumarsáid leo maidir le gach géarchéim (m.sh. an**

**Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) agus maidir le géarchéimeanna ábhartha (m.sh. an Coimisiún um Chosaint Sonraí, srl).**

## 12. An chéad chruinniú Boird eile

**Thug an Bord dá n-aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Déardaoin, an 1 Nollaig 2022 ag 11 r.n.**

## 13. Aon Ghnó Eile

### 13.1 Leas-Chathaoirleach an Bhoird

Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord gur mian leis, i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo, Leas-Chathaoirleach an Bhoird a cheapadh. D'aontaigh an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh go mbeadh sé sásta gníomhú mar an Leas-Chathaoirleach; agus glacfaidh an Leas-Chathaoirleach freagrachtaí Chathaoirleach an Bhoird i gcás go mbeidh sé as láthair.

Mar fhreagra ar iarratas an Chathaoirligh, cheadaigh an Bord ceapadh an Ollaimh Ciarán Uí Ógartaigh mar Leas-Chathaoirleach an Bhoird.

### 13.2 Lón Féiltiúil don Bhord agus do na Coistí

Chuir an Cathaoirleach an Bord ar an eolas go raibh lón féiltiúil á phleanáil.

**Thug an Bord dá n-aire go dtabharfaí cuirí don Bhord, do Choistí an Bhoird agus don Fhoireann Ceannaireachta chuig lón ar an 1 Nollaig 2022.**

### 13.3 Cúrsaí Airgeadais: Sainordú Bainc LNÉ

Thug an Stiúrthóir Gníomhach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D'fhaomh an Bord an Sainordú Bainc nua ina sonraítear an t-údarás oibríochta agus sínithe. Is féidir le haon bheirt díobh seo a leanas a bheith ina sínitheoirí**

**údaraithe ar sheiceanna: Katherine McSharry (Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláraithe); Kathleen Ruane (Ceannasaí Airgeadais agus CRO); Liz Coffey (Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha).**

**13.4 Cumarsáid agus Forbairt: Conradh le haghaidh Seirbhísí Aistriúcháin**

Chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl don Bhord go raibh leasú ar an bpróiseas soláthair, arna fhaomhadh ag an mBord an 2 Meitheamh 2022, maidir le seirbhísí aistriúcháin a sholáthar do LNÉ. D'fhreagair an Stiúrthóir Gníomhach ceisteanna ón mBord maidir leis an teanga/na teangacha a bheadh laistigh de raon feidhme na seirbhíse aistriúcháin, mar aon le saincheisteanna teicniúla maidir le láithreán gréasáin LNÉ ó thaobh faisnéis a sholáthar trí Ghaeilge.

**Thug an Bord dá n-aire go n-iarrfadh an Coiste Gnó ar an mBord tríd an ríomhphost bronnadh an chonartha soláthair seirbhísí aistriúcháin do LNÉ a cheadú.**

**13.5 Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Thug an Bord dá n-aire go gcuirfeadh an Stiúrthóir Gníomhach páipéar faisnéise maidir le Cumann LNÉ faoi bhráid an chéad chruinnithe eile den Bhord.**

**14. Am príobháideach**

**Thug an Cathaoirleach tuairisc chun dáta don Bhord maidir le Stiúrthóir nua a earcú.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**